Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2023
(OR. en)

8994/23
ADD 1

COEST 293
POLCOM 80

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Aguisín a ghabhann le CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le prótacal idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Casacstáine lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Ballstáit, de pháirt, agus Poblacht na Casacstáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le tásca geografacha le haghaidh táirgí talmhaíochta, bia-ábhair, fíonta agus biotáillí a chosaint |

**AGUISÍN a ghabhann leis an gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le prótacal idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Casacstáine maidir le tásca geografacha le haghaidh táirgí talmhaíochta, bia-ábhair, fíonta agus biotáillí a chosaint agus lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Casacstáine.**

**<u>AGUISÍN</u>**

**Treoracha caibidlíochta i dtaca le Prótacal idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Casacstáine maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí talmhaíochta, bia-ábhair, fíonta agus biotáillí, agus lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Casacstáine**

**An cuspóir ginearálta**

Is é cuspóir na caibidlíochta comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le tásca geografacha a chosaint, mar a fhoráiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe ('CCCF'), i bhfoirm Prótacail lena leasaítear CCCF atá ann cheana. Beidh forálacha sa Phrótacal maidir le tásca geografacha le haghaidh táirgí talmhaíochta, bia-ábhair, fíonta agus biotáillí.

Cumhdóidh forálacha an Phrótacail, mar a fhoráiltear le CCCF, cosaint tásc geografach, go háirithe maidir le deireadh a chur le drochúsáidí nó mí-úsáidí na dtásc sin.